Scéal Lúthchleasaíochta

Ceist 1 Beidh tú ag féachaint ar ball ar thuairisc faoin lúthchleasaí Martin Fagan. Sula bhféachann tú ar an tuairisc an féidir leat féin agus an duine in aice leat na focail Ghaeilge atá le fáil sa mhír a cheangal leis na focail Bhéarla thíos.

1. in front of / before	*a. reathaí maratóin*
2. hearing	*b. galar dubhach*
3. Sports Council	*c. os comhair*
4. anti-doping test	*d. neamhcheadaithe*
5. he will be charged	*e. bhí súil aige le*
6. 2 year suspension period	*f. lámh ina bhás féin*
7. marathon runner	*g. ag iomaíocht thar ceann*
8. medication	*h. thug se le fios*
9. unapproved / illegal	*i. Comhairle Spóirt*
10. he let it be known	*j. cógas*
11. depression (melancholy)	*k. tástáil frithdhópála*
12. he considered	*l. gearrfar . . . air*
13. suicide	*m. tréimhse fionraíochta 2 bhliain*
14. judgement	*n. éisteacht*
15. competing for	*o. breithiúnas*
16. he was hoping to	*p. rith sé leis*

1	2	3	4	5	6	7	8	9	10	11	12	13	14	15	16

Ceist 2 Féachaigí ar an mhír uair amháin le feiceáil an raibh an ceart agaibh.

Ceist 3 Anois féach ar an mhír den dara huair agus freagair na ceisteanna seo:

1. Cé hé Martin Fagan?
2. Cén fáth a dtabharfar Martin Fagan os comhair Choiste Disciplín Lúthchleasaíocht na hÉireann agus na Comhairle Spóirt?
3. Cén pionós a ghearrfar air?
4. Cad a dúirt sé in agallamh faoin scéal?

Ceist 4 '...mí na Samhna...'

(a) Scríobh amach míonna na bliana:

_____ _____

_____ _____

_____ _____

_____ _____

_____ _____
_____ _____

(b) Anois, cuir an focal ‘mí’ roimh na míonna:
Mí Eanáir _____
_____ _____
_____ _____
_____ _____
_____ _____
_____ _____

(c) Cad iad na dátaí tábhachtacha seo?

An cúigiú lá is fiche de mhí na Nollag: _____
An t-aonú lá is tríocha de mhí na Nollag: _____
An t-aonú lá is tríocha de mhí na Samhna: _____
An t-aonú lá is fiche de mhí an Mheithimh: _____
An seachtú lá déag de mhí an Mhárta: _____
An ceathrú lá déag de mhí Feabhra: _____

Ceist 5 Roghnaigh briathar amháin ón chiorcal ar chlé a oireann d’fhocal sa chiorcal ar dheis agus cuir na focail in abairtí ansin.



Ceist 6 Pléigh na ceisteanna seo leis an duine in aice leat nó le do ghrúpa:

Cén fáth a nglacann lúthchleasaithe drugaí, dar leat?

Cén fáth nár cheart do lúthchleasaithe drugaí a thógáil, dar leat?

Cé hé nó hí an lúthchleasaí is fearr ar domhan, dar leat? Cén fáth?

Is é breithlá Muhammad Ali inniu, cad atá ar eolas agat faoin laoch spóirt seo?

Freagraí

Ceist 1 agus Ceist 2

1	2	3	4	5	6	7	8	9	10	11	12	13	14	15	16
c	**n**	**i**	**k**	**l**	**m**	**a**	**j**	**d**	**h**	**b**	**p**	**f**	**o**	**g**	**e**

Ceist 3

1. Is lúthchleasaí é, reathaí maratóin, as an Muileann gCearr i gContae na hIarmhí. Bhí sé ag iomaíocht thar ceann na tíre ag na Cluichí Oilimpeacha i mBéising, ceithre bliana ó shin, agus bhí súil aige áit a bhaint amach i Londain an samhradh seo chugainn.
2. Theip air i dtástáil frithdhópála de bhrí gur thóg sé an cógas neamhcheadaithe EPO.
3. Gearrfar tréimhse fionraíochta dhá bhliain air.
4. Dúirt sé go raibh an galar dubhach ag gabháil dó agus go raibh smaointe féinmharaithe aige.

Ceist 4 (a)

Eanáir	Feabhra
Márta	Aibreán
Bealtaine	Meitheamh
Iúil	Lúnasa
Meán Fómhair	Deireadh Fómhair
Samhain	Nollaig

Ceist 4 (b)

Mí Eanáir	Mí Feabhra
Mí an Mhárta	Mí an Aibreáin
Mí na Bealtaine	Mí an Mheithimh
Mí Iúil	Mí Lúnasa
Mí Mheán Fómhair	Mí Dheireadh Fómhair
Mí na Samhna	Mí na Nollag

Ceist 4 (c)

An cúigiú lá is fiche de mhí na Nollag: *Lá Nollag*
An t-aonú lá is tríocha de mhí na Nollag: *Oíche na Bliana nua*
An t-aonú lá is tríocha de mhí na Samhna: *Oíche Shamhna*
An t-aonú lá is fiche de mhí an Mheithimh: *Lá is faide den bhliain (grianstad an tsamhraidh)*
An seachtú lá déag de mhí an Mhárta: *Lá Fhéile Pádraig*
An ceathrú lá déag de mhí Feabhra: *Lá Vailintín*

Ceist 5

Ithim mo bhricfeasta ag a naoi a chlog i gcónaí.
Chuaigh mé go dtí an Spáinn dhá bhliain ó shin.
Déanfaidh mé an obair gan mhoill.
D'ól mé barraíocht uisce inné.
Ní cheannóidh mé gluaisrothar choíche, tá sé i bhfad ródhainséarach.

Ceist 6

Abair leis na foghlaimeoirí na ceisteanna a phlé ina mbeirteanna nó i ngrúpaí.

Éimear Ní Chonaola
Tá sé in am anois do scéalta spóirt an lae ar fad, a Ruairí.

Ruairí Mac an Iomaire
Go raibh maith agat a Éimear. Tosaímid anocht le cúrsaí lúthchleasaíochta agus tá (leis) an scéala go dtabharfar Martin Fagan as Contae na hIarmhí os comhair éisteacht de chuid Choiste Disciplín Lúthchleasaíocht na hÉireann agus na Comhairle Spóirt amárach faoi gur theip airsean[i] i dtástáil[ii] frithdhópála. Tá chuile chosúlacht ar chúrsaí go ngearrfar tréimhse fionraíochta dhá bhliain ar a laghad ar Fagan, an reathaí maratóin as Muileann gCearr, tar éis dósan a admháil gur úsáid sé an cógas neamhcheadaithe EPO (Eiritreapóéisin) mí na Samhna seo caite. In agallamh fada a thug sé do cheann de na páipéir náisiúnta inniu thug sé le fios go raibh an galar dubhach ag gabhail dó ag an am agus gur rith sé leis lámh a chur ina bhás féin. Dúirt sé go nglacfadh sé (le) go hiomlán le pé breithiúnas a thugtar amárach.

Bhí Fagan ag iomaíocht thar ceann na tíre seo ag na Cluichí Oilimpeacha i mBéising, ceithre bliana ó shin, agus bhí súil aige áit a bhaint amach i Londain an samhradh seo chugainn.

---

[i] *seisean* a deirtear
[ii] *tástáil* a deirtear